Dhá scéal idirnáisiúnta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi dhá scéal idirnáisiúnta. Sula bhféachann tú ar an tuairisc an féidir leat féin agus an duine in aice leat a bhfuil ar eolas agaibh faoi na scéalta seo a phlé le chéile. Mura bhfuil aon ní ar eolas agaibh faoi na scéalta tugaigí buille faoi thuairim.

1. **Pápa nua**
2. **Olltoghchán sa Chéinia**

Féachaigí ar an mhír anois le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2 Éist leis an mhír arís agus líon na bearnaí sa script.

Sa Róimh, cuireadh tús inniu le cainteanna _____ a bhaineann leis an bpróiseas chun an chéad phápa eile ar an Eaglais Chaitliceach a thoghadh. Tá an chuid is mó den 115 _____ atá sa Vatacáin inniu i dteideal vóta a chaitheamh. Tá dhá sheisiún den gcomhthionól ginearálta a reáchtáil ach níor fógraíodh aon dáta go fóillín maidir le cathain a chuirfear tús le _____ príobháideach na gcairdinéal chun _____ an Phápa Benedict a thoghadh.

Olltoghcháin sa Chéinia
Agus ag fanacht _____, sa Chéinia, tá cúigear déag ar a laghad maraithe agus muintir na tíre sin i mbun vótála i gceann de na holltoghcháin is tábhachtaí i stair na tíre. Tá _____ déanta ag oifigigh agus ag iarrthóirí an olltoghcháin ar mhuintir na Céinia foréigean treibhe a sheachaint. In 2007 maraíodh os cionn míle duine i bh_____ i ndiaidh torthaí olltoghcháin. Tá díreach níos lú ná céad míle póilín ar _____ sa Chéinia inniu in iarracht smacht a choimeád ar chúrsaí sa tír sin.

Ceist 3 Anois cuir na focail a chuir tú sna bearnaí in abairtí lena mbrí a léiriú.

Ceist 4. '…cúigear déag....'

Níl séimhiú ar an bhfocal déag thuas. An mbíonn séimhiú air in aon chás eile? Pléigh an scéal leis an duine in aice leat agus ansin déanaigí iarracht na focail thíos a scríobh i gceart.

13 + cluiche
12 + mála
14 + seachtain
15 + bliain
13 + uair
16 + áit
12 + planda
12 + bileog
14 + ríomhaire
19 + aiste

Ceist 5 '…sa ***Róimh***…'

A. Scríobh amach príomhchathracha na dtíortha seo:

An Fhrainc: _____
An Bheilg: _____
An Spáinn: _____
Sasana: _____
An Ghearmáin: _____
An Rúis: _____
Na Stáit Aontaithe: _____
An tSín: _____

B. Cad atá ag an duine in aice leat?

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

- An bhfuil mórán suime agat i scéal an Phápa? Cen fáth?
- An mbeidh tionchar ag Pápa nua ar an saol in Éirinn, dar leat? Cén fáth?
- Cén fáth a mbíonn olltoghcháin - ar nós é sin atá ag tarlú anois sa Chéinia - corraitheach agus foréigneach in amanna?

Freagraí
Ceist 1
Ceacht cainte é seo chun an mhír a chur i láthair na bhfoghlaimeoirí.

Ceist 2
Féach an script.

Ceist 3
Is iad na focail seo atá le cur in abairtí:
neamhfhoirmeálta – informal
cairdinéal – cardinal
comhthionól – assembly
comharba – successor
achainí – request / appeal
foréigean treibhe – tribal violence
ar dualgas – on duty

Ceist 4
Cuirtear séimhiú ar ***déag*** má leanann sé ainmfhocal rialta a chríochnaíonn le guta. Is iad na hainmfhocail mhírialta is tábhachtaí sa chás seo ná ***bliain***, ***uair*** agus ***seachtain***. Ní chuirtear séimhiú ar ***déag*** i ndiaidh na bhfocal sin, fiú má chríochnaíonn siad le guta.
Samplaí:
trí mhála dhéag (tá séimhiú ar déag anseo mar críochnaíonn mála le guta).
trí bliana déag (níl séimhiú ar déag anseo mar is ainmfhocal mírialta é ***bliain***).

trí chluiche dhéag
dhá mhála dhéag
ceithre seachtaine déag
cúig bliana déag
trí huaire déag
sé áit déag
dhá phlanda dhéag
dhá bhileog déag
ceithre ríomhaire dhéag
naoi n-aiste dhéag

Ceist 5

An Fhrainc:	*Páras*
An Bheilg:	*An Bhruiséil*
An Spáinn:	*Maidrid*
Sasana:	*Londain*
An Ghearmáin:	*Beirlín*
An Rúis:	*Moscó*
Na Stáit Aontaithe:	*Washington*
An tSín:	*Béising*

Ceist 6
Abair leis na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Eibhlín Ní Choisdealbha

Tús curtha le cainteanna le Pápa nua a thoghadh

Sa Róimh, cuireadh tús inniu le cainteanna neamhfhoirmeálta a bhaineann leis an bpróiseas chun an chéad phápa eile ar an Eaglais Chaitliceach a thoghadh. Tá an chuid is mó den 115 cairdinéal atá sa Vatacáin inniu i dteideal vóta a chaitheamh. Tá dhá sheisiún den gcomhthionól[i] ginearálta á reáchtáil ach níor fógraíodh aon dáta go fóillín maidir le cathain a chuirfear tús le comhthionól príobháideach na gcairdinéal chun comharba an Phápa Benedict a thoghadh.

Olltoghcháin sa Chéinia

Agus ag fanacht thar sáile, sa Chéinia, tá cúigear déag ar a laghad maraithe agus muintir na tíre sin i mbun vótála i gceann de na holltoghcháin is tábhachtaí i stair na tíre. Tá achainí déanta ag oifigigh agus ag iarrthóirí an olltoghcháin ar mhuintir na Céinia foréigean treibhe a sheachaint. In 2007 maraíodh os cionn míle duine i bhforéigean treibhe i ndiaidh torthaí olltoghcháin. Tá díreach níos lú ná céad míle póilín ar dualgas sa Chéinia in iarracht smacht a choimeád ar chúrsaí sa tír sin.

[i] *den c**h**omhthionól* atá sa chaighdeán oifigiúil